NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10547 — Voith/Voith Hydro)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 16/06)

1. An 4 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Grúpa cuideachtaí Voith, lena n-áirítear Voith GmbH & Co. KGaA agus JMV Hydro Beteiligungen GmbH (le chéile "Voith", an Ghearmáin), faoi rialú grúpa daoine nádúrtha ar deireadh;

— Voith Hydro Holding GmbH & Co. KG agus a chomhpháirtí ginearálta Voith Hydro Holding Verwaltungs GmbH ("Voith Hydro", an Ghearmáin), faoi rialú Voith Hydro Beteiligungen GmbH, atá faoi chomhrialú Voith agus Siemens Energy Global GmbH & Co. KG, fochuideachta de chuid Siemens Energy AG ("Siemens Energy", an Ghearmáin).

Faigheann Voith rialú aonair ar Voith Hydro ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Voith: monarú agus díol meaisíní páipéir, gléasraí hidreachumhachta, teicneolaíocht tarchurtha agus rialaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus busanna, innealra talmhaíochta agus tógála, rothstoc, feidhmeanna loingseoireachta agus tionsclaíocha le haghaidh go leor earnálacha tionsclaíocha,

— i gcás Voith Hydro: monarú agus díol aonad cumhachta le haghaidh gléasraí hidreachumhachta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10547 — Voith/Voith Hydro

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË